Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo

An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. H91 D9P7. Teil: 091-593421
An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe H91 P7XP. Teil: 091-869915
R-phost: oifig@cccholmcille.ie www.cccholmcille.ie

Faisnéis faoi Rialachán 76

Rialacháin de chuid an Aontais Eorpaigh (Seirbhísí Íocaíochta) (na "Rialacháin")

Seo é do 'chreatchonradh' linn ina bhfuil eolas faoi Rialachán 76 de na Rialacháin agus tá tú á fháil seo maidir leis an gcuntas ar leith atá luaite thíos. Seo gné bhreise i dteannta na dtéarmaí agus coinníollacha eile atá san áireamh i do Chreatchonradh linn agus baineann sé leis an gcuntas sin (agus/nó aon íocaíochtaí a dhéantar nó a chuirtear i bhfeidhm ar an gcuntas sin) de réir mar a chuirimid in iúl duit ó am go ham.

Tá Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo. á rialú ag Banc Ceannais na hÉireann.
Is iad seo a leanas sonraí teagmhála an Bhanc Ceannais:

Seoladh Cláraithe: Sráid Wapping Nua, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1
Teileafón: +353 (0)1 224 6000
Facs: +353 1 671 6550
Suíomh gréasáin: www.centralbank.ie

Is iad seo a leanas sonraí teagmhála Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta:
Seoladh: **An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91D9P7**.
Teileafón: **+353 (0) 91 593 421**
Fo-oifig: **An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, H91 P7XP**
Ríomhphost: **oifig@cccholmcille .**
Suíomh gréasáin: **cccholmcille.ie**
Uimhir chláraithe: **427CU**

Uaireanta Oscailte:

Oifig an Chnoic, Indreabhán.	Oifig na Ceathrún Rua
Dé Luain: 10:00 am - 4:00 pm	
Dé Máirt: 10:00 am - 4:00 pm	
Dé Céadaoin: 10:00 am - 4:00 pm	
Déardaoin: 10:00 am - 5:00 pm	Déardaoin: 10:00 am - 5:00 pm
Dé hAoine: 10:00 am - 5:00 pm	Dé hAoine: 10:00 am - 5:00 pm
Dé Sathairn: 9:30 am – 2:30 pm	Dé Sathairn: 9:30 am - 2:30 pm

Tá gach lá díobh sin thuas seachas an Satharn nó lá saoire poiblí mar "Lá Gnó" de réir an Chreatchonradh.

DO CHUNTAS

Seo a leanas sonraí maidir le príomhghnéithe an chuntais agus na seirbhísí íocaíochta ar an gcuntas:

Cuireann an Comhar Creidmheasa cuntais choigiltis ar fáil do bhaill agus is féidir iad a úsáid mar seo a leanas:
- Airgead a chur i dtaisce agus a tharraingt amach
- Airgead a aistriú go hinmheánach chuig cuntais eile
- Glacadh le hairgead a aistrítear isteach i gcuntas baill trí Bhuanordú/Aistriú Leictreonach Airgid/Asbhaint ó Phárolla
- Glacadh le hairgead a aistrítear isteach i gcuntas baill le Cárta Dochair
- Aistriú leictreonach aonuaire airgid amach as cuntas baill
- Rochtain ar chuntas ar líne
- Billí a íoc

1. Ordú maidir le híocaíocht a dhéanamh amach as do chuntas:
Nuair a thugann tú ordú dúinn íocaíocht a dhéanamh amach as do chuntas, beidh ort sonraí maidir leis an té a bhfuil an íocaíocht á aistriú chuige a chur ar fáil dúinn (i.e., IBAN an té sin chomh maith le haon sonraí aitheantais ábhartha maidir leis an soláthraí seirbhíse íocaíochta ('PSP') lena bhfuil a chuntas aige/aici). Ag brath ar an gcaoi a ndéanann tú d'ordú (i.e., ar líne nó inár n-oifigí) féadfaimid a iarraidh ort an t-ordú sin a fhíorú trí shíniú. Nuair a thugann tú na sonraí sin dúinn, beidh tú ag toiliú go ndéanfaidh muid mar a d'ordaigh tú. Ní féidir leat an toiliú sin a tharraingt siar tar éis duit é a thabhairt dúinn.
Tá ar chumas an Chomhar Creidmheasa Aistrithe Creidmheasa Meandracha SEPA (SCT Inst) a dhéanamh anois, rud a thugann deis do bhaill íocaíochtaí in euro a dhéanamh faoi 10 soicind, ar fud institiúidí airgeadais atá páirteach i SEPA. Is féidir na hidirbhearta seo a chur i gcrích 24/7/365, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire chomh maith. Chun SEPA Meandrach a úsáid, ní mór do bhaill IBAN an fhaighteora a chur ar fáil agus údarú an idirbhirt a dheimhniú trí fhíorú ar líne nó fíorú san oifig. Cuirfimid in iúl duit nuair a bheidh Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA atá ag dul amach as do chuntas próiseáilte, agus inseofar duit ar éirigh leis an aistriú nó nár éirigh. Mura bhfaighimid deimhniú laistigh de 10 soicind gur éirigh leis an íocaíocht, cuirfimid do Chuntas ar ais sa staid ina mbeadh sé mura ndéanfaí an t-idirbheart ar chor ar bith. Má fhaighimid deimhniú ina dhiaidh sin gur éirigh leis an idirbheart agus go ndearnadh an íocaíocht, coimeádaimid an ceart againn féin an t-airgead a bhaint as do chuntas, chomh maith le haon choigeartú eile is gá a dhéanamh.

2. Scoith-amanna(Cut-off times):
Ní mór ordú a thabhairt dúinn maidir le híocaíocht ó do chuntas roimh 10.30 r.n. ar cheann dár Laethanta Gnó. Má thugtar an t-ordú sin dúinn tar éis an ama sin, measfar gurb ar an gcéad Lá Gnó eile a fuaireamar an t-ordú sin. Má shocraíonn muid leat go ndéanfar ordú a chur i gcrích ar Lá Gnó áirithe, measfar go bhfuaireamar an t-ordú sin ar an Lá Gnó sin.
Cé gur gá tús a chur le haistrithe creidmheasa caighdeánacha SEPA roimh 10:30 r.n. ar lá gnó i gcomhair próiseála ar an lá céanna, níl aon scoitham (cut-off time) i gceist le haistrithe creidmheasa Meandracha SEPA agus déantar iad a phróiseáil láithreach.

3. **An t-achar a thógann sé an t-ordú a chur i gcrích**:
Nuair a ghlactar leis go bhfuil ordú faighte againn de réir mhír 2 thuas, is féidir linn an t-ordú a chur i gcrích suas go dtí deireadh an Lae Gnó tar éis an dáta a glacadh leis an ordú de réir mhír 2 thuas. Más ar pháipéar a rinneadh an t-ordú, beidh Lá Gnó breise againn chun seo a dhéanamh.

- **Aistriú Creidmheasa Caighdeánacha** SEPA: Cuirfear an t-airgead chuig Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta (PSP) an fhaighteora **faoi dheireadh an chéad lá gnó eile**.

- **Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA**: Críochnaítear idirbhearta faoi 10 soicind, rud a chinntíonn go bhfuil íocaíocht déanta láithreach.

4. Teorainneacha caiteachais agus ionstraimí íocaíochta:
Má thugaimid ionstraim íocaíochta duit ar do chuntas (i.e., cárta le huimhir PIN, nó cur ar do chumas bealaí eile a úsáid ar líne le pasfhocal srl.), is féidir leat teorainneacha caiteachais ar leith a chomhaontú linn maidir le húsáid ionstraime íocaíochta áirithe.

Má thugaimid ionstraim íocaíochta den chineál sin duit i gcomhair do chuntas, ní mór duit, chomh luath agus a fhaigheann tú é, gach beart réasúnta a dhéanamh chun na gnéithe slándála pearsantaithe a bhaineann leis an ionstraim a choinneáil slán. Má chailltear, má ghoidtear, má dhéantar mí-leithghabháil nó má úsáidtear an ionstraim íocaíochta ar bhealach neamhúdaraithe, ba chóir duit fógra a thabhairt dúinn ar an bhfón ag an uimhir 091-593421 le linn uaireanta oibre. Coimeádaimid an ceart againn féin bac a chur ort d'ionstraim íocaíochta a úsáid ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas:
a) slándáil na hionstraime íocaíochta;
b) má tá amhras orainn go bhfuiltear ag úsáid, nó gur úsáideadh an ionstraim ar bhealach neamhúdaraithe nó calaoiseach;
c) (má tá an ionstraim íocaíochta ceangailte le creidmheas a thug muid duit) má tá baol i bhfad níos mó ann nach mbeidh tú in ann do chuid dualgas íocaíochta a chomhlíonadh; agus
d) ár n-oibleagáidí náisiúnta nó pobail

Má chuireann muid bac ort d'ionstraim íocaíochta a úsáid, cuirfimid é sin in iúl duit agus na cúiseanna atá leis i litir, ríomhphost, teachtaireachtaí cuntais slána ar líne, i dtéacs nó ar an teileafón, mura gcuirfeadh an fhaisnéis sin ár slándáil i mbaol nó mura mbeadh toirmisc air sin de réir dlí.

Faoi réir aon teorainneacha a bheadh i gceist, is féidir leat do theorainn phearsanta maidir le do chuid idirbheart a shocrú i gcomhair aistrithe creidmheasa Meandracha SEPA trí bhealaí ar líne nó seirbhís san oifig. Diúltófar ordú a thugann tú dúinn i gcomhair aistriú creidmheasa Meandrach SEPA, má sháraítear an teorainn a shocraigh tú. Is féidir aon teorainn maidir le haistrithe creidmheasa Meandracha SEPA a shocraigh tú roimhe seo a athrú ag am ar bith trí bhealaí ar líne nó iarratais san oifig.

5. Táillí
Ní ghearrtar aon táillí ar chuntais a chuireann Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta ar fáil faoi láthair.

6. Rátaí úis
Cuirfear in iúl duit nuair a osclaíonn tú do chuntas má bhaineann ráta úis le do chuntas, agus cuirtear an ráta úis sin san áireamh trí thagairt sa Chreatchonradh seo. Is féidir leat deimhniú a fháil ar an ráta úis sin má dhéanann tú teagmháil linn mar atá sonraithe ag barr leathanach 1.

7. Rátaí malairte
Má bhíonn orainn athrú airgeadra a dhéanamh maidir le haon íocaíocht ar do chuntas (aistarraingt a dhéanann tú ó do chuntas, san áireamh), úsáidfimid ráta tagartha malairte Fexco. Athróidh an ráta tagartha malairte gach lá gnó, agus beidh an fíor-ráta malairte bunaithe air seo. Ar an dáta a ndéanaimid an t-athrú airgeadra, glacfaimid leis an ráta tagartha malairte atá i bhfeidhm ar an dáta sin, gearraimid suim seasta coimisiúin chomh maith agus beidh an t-iomlán cothrom leis an bhfíor-ráta malairte a úsáideann muid in athrú airgeadra. Is féidir leat na hathruithe laethúla ar an ráta tagartha malairte a fháil, má dhéanann tú teagmháil linn mar atá sonraithe ag barr an leathanaigh seo. Próiseáiltear idirbhearta SEPA Meandrach in EURO amháin. Más gá duit aistriú tras-airgeadra a dhéanamh , próiseálfar é ag baint úsáide as rialacha caighdeánacha aistrithe creidmheasa SEPA, faoi réir rátaí malairte agus an t-am a ndéantar an t-athrú .

8. Eolas/Fógra a thabhairt duit
Más gá dúinn eolas nó fógra a thabhairt duit faoi aon ábhair a bhaineann leis an bhFaisnéis um Chreatchonradh seo, déanfaimid é sin i scríbhinn, i ríomhphost slán nó trí théacs SMS mura luaitear a mhalairt anseo. Beidh eolas den chineál seo ar fáil i Leabhrán an Chruinnithe Bliantúil nó crochfar é ar an gclár fógraí san oifig. Tabharfar an t-eolas nó an fógra sin duit láithreach chomh luath agus a bheidh gá leis.

9. Faisnéis faoi Rialachán 76
An fhad agus a bheidh cuntas agat linn, beidh sé de cheart agat, ag am ar bith agus ar iarratas cóip den fhaisnéis ar Rialachán 76 seo a fháil ar pháipéar nó, más féidir, i ríomhphost slán.

10. Earráidí Íocaíochta agus Idirbhearta Neamhúdaraithe
Má íoctar airgead isteach nó amach as do Chuntas trí dhearmad, aontaíonn tú ligean dúinn an íocaíocht a chur ar ais agus na hiontrálacha ina leith seo a cheartú i do Chuntas. Má dhéanaimid é seo, ní gá dúinn teagmháil a dhéanamh leat chun é sin a chur in iúl duit roimh ré.

I gcúinsí áirithe, b'fhéidir go mbeadh orainn údarú a fháil uait chun íocaíocht a thógáil amach as do chuntas má cuireadh isteach i do chuntas an íocaíocht trí dhearmad. Mura dtugann tú an t-údarú sin, cuirfimid cibé sonraí de do chuid ar fáil don Íocóir de réir mar is gá chun cabhrú leis/léi an íocaíocht/na híocaíochtaí a rinneadh trí dhearmad a

fháil ar ais. Fiú, mura bhfuil dóthain airgid i do Chuntas, beidh tú fós freagrach as an méid seo a íoc, chomh maith le haon chostais nó caiteachais a bhain leis an ábhar seo.

Sa chás ina ndearnadh aon athrú ar do Chuntas agus nach raibh aon neart againne orthu, d'fhéadfadh sé go mbeadh ort aon táille a bhaineann leis seo a íoc linn agus féadfaimid aon airgead atá dlite dúinn a bhaint as do Chuntas.

Ní mór duit a chur in iúl dúinn chomh luath agus is féidir má thugann tú faoi deara aon idirbheart ar do chuntas atá neamhúdaraithe nó a rinneadh trí dhearmad agus i gcás ar bith, laistigh de thrí mhí dhéag ón dáta a ndearnadh airgead a thógáil as do chuntas. Beidh orainn an botún sin a cheartú má rinneadh an t-idirbheart gan údarú nó mícheart. Má rinneadh an t-idirbheart gan údarú, aisíocfaimid an méid airgid a bhí i gceist leat agus, más gá, cuirfimid do chuntas ar ais sa staid ina mbeadh sé mura ndéanfaí an t-idirbheart neamhúdaraithe ar chor ar bith faoi réir NA gCOINNÍOLLACHA SEO:

a) Is tú féin a sheasfaidh caillteanas aon idirbheart neamhúdaraithe ar do chuntas, suas go dtí €50 san iomlán, má tharla an t-idirbheart neamhúdaraithe mar thoradh ar (a) úsáid a baineadh as ionstraim íocaíochta caillte nó goidte ach amháin sa chás nach raibh sé tugtha faoi deara agat go raibh an ionstraim íocaíochta caillte nó goidte, nó (b) gur ort féin a bhí an locht nár choinnigh tú gnéithe slándála pearsantaithe na hionstraime íocaíochta sin slán;

b) Is tú féin a sheasfaidh caillteanas maidir le haon idirbheart neamhúdaraithe ar do chuntas má bhíonn na caillteanais sin mar thoradh ar ghníomh calaoiseach de do chuid féin nó murar choimeád tú, d'aon ghnó , nó le heaspa cúraim réasúnta, an ionstraim íocaíochta agus a gnéithe slándála slán, nó mura n-úsáideann tú an ionstraim de réir na dtéarmaí a bhaineann léi mar a chuir muid in iúl duit, agus gan fógra a thabhairt dúinn láithreach má chailltear, má ghoidtear, má dhéantar mí-leithghabháil nó má úsáidtear an ionstraim íocaíochta ar bhealach neamhúdaraithe;

c) Murar ghníomhaigh tú go calaoiseach, ní bheidh gá duit aon chaillteanas airgid a sheasamh má baineadh úsáid as ionstraim íocaíochta caillte, goidte nó má rinneadh mí-leithghabháil nó má úsáideadh an ionstraim íocaíochta ar bhealach neamhúdaraithe ón am a gcuirfidh tú in iúl dúinn de réir an Fhaisnéis faoi Rialacháin 76 seo gur cailleadh, go ndearnadh mí-leithghabháil nó gur goideadh an cárta.

11. Aisíocaíochtaí i gcás dochar díreach
Má thógtar dochar díreach as do chuntas ach:

a) nár shonraigh d'údarú um dhochar díreach an méid cruinn íocaíochta; agus
b) go raibh méid na híocaíochta níos mó ná an méid a mbeifí ag súil leis go réasúnta de réir do phatrúin chaiteachais roimhe seo, an Fhaisnéis faoi Rialachán 76 seo agus tosca cuí eile a chur san áireamh; agus
c) má thugann tú fíricí dúinn atá de dhíth orainn; agus
d) nár thug tú cead dúinn roimh ré an dochar díreach a thógáil as do chuntas; agus
e) nár chuireamar féin ná an té a raibh an dochar díreach á fháil aige faisnéis ar fáil duit faoin idirbheart ceithre seachtaine ar a laghad roimh dháta an dochair dhírigh,
sna cúinsí sin is féidir leat aisíocaíocht ar an dochar díreach sin a iarraidh orainn. Beidh deich Lá Gnó againn ansin chun aisíocaíocht a thabhairt duit nó cúiseanna a thabhairt duit maidir le diúltú aisíocaíocht a thabhairt duit agus beidh sé de cheart agat an t-ábhar a chuir faoi bhráid an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean.

Féadfaidh tú aisíocaíocht a iarraidh chomh maith maidir le haon íocaíocht um dhochar díreach ar aon chúis ar feadh tréimhse ocht seachtaine tar éis dháta an dochair dhírigh.

12. Aitheantóir uathúil
Chun Aistriú Creidmheasa SEPA nó Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA a phróiseáil, ní mór duit **Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN)** an fhaighteora a chur ar fáil. Seo é an t-aitheantóir uathúil atá riachtanach chun a chinntiú go ndéantar an íocaíocht a chur i gcrích i gceart. Má chuirtear IBAN mícheart ar fáil, d'fhéadfaí an t-idirbheart a dhiúltú nó a chur chuig cuntas mícheart, agus beidh iarrachtaí aisghabhála bunaithe ar nósanna imeachta caighdeánacha neamh-fhorghníomhaithe.

Má thugann tú ordú dúinn íocaíocht a dhéanamh amach as do chuntas agus má dhéanaimid sin ag úsáid an aitheantóra uathúil (IBAN) a thug tú dúinn, glacfar leis go bhfuil an t-idirbheart curtha i gcrích i gceart againn maidir le leis an bhfaighteoir. Má thugann tú aitheantóir uathúil mícheart dúinn, ní bheimid faoi dhliteanas as neamh-fhorghníomhú, nó má bhíonn an t-idirbheart lochtach. Déanfaimid iarrachtaí réasúnta, áfach, an t-airgead lena mbaineann a leithéid d'idirbheart a fháil ar ais.

13. Ár ndliteanas maidir le híocaíocht a dhéanann tú amach as do chuntas
Má thugann tú ordú dúinn íocaíocht a dhéanamh amach as do chuntas, táimid faoi dhliteanas é sin a chur i gcrích i gceart mura féidir linn a chruthú duit (agus más gá, do sholáthraí seirbhíse poiblí an fhaighteora) go bhfuair soláthraí

seirbhíse poiblí an fhaighteora an íocaíocht. De bharr ár ndliteanas ina leith seo, má dhéanaimid an t-ordú a chur i gcrích ar bhealach lochtach nó mícheart, aisíocfaimid an méid sin leat agus, más cuí, cuirfimid do chuntas ar ais sa staid ina mbeadh sé mura ndéanfaí an t-idirbheart lochtach nó mícheart. Is cuma an bhfuilimid faoi dhliteanas mar seo nó nach bhfuil ina leith seo, déanfaimid iarracht an t-idirbheart a aimsiú agus toradh ár n-iarrachtaí a chur in iúl duit.

14. **Ár ndliteanas maidir le híocaíocht isteach i do chuntas**
Más féidir le Soláthraí Seirbhíse Meandracha an íocóra a chruthú go bhfuaireamar an íocaíocht duit, beimid faoi dhliteanas i do leith. Má táimid faoi dhliteanas i do leith, cuirfimid an méid airgid a bhí san idirbheart ar fáil duit láithreach agus cuirfidh muid an t-airgead i do chuntas. Má shocraíonn tú go n-íocfaí dochar díreach isteach i do chuntas, beimid faoi dhliteanas an t-ordú sin a chur ar aghaidh chuig Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta an íocóra. Cinnteoimid go mbeidh an t-airgead a bhí i gceist san idirbheart ar fáil duit láithreach tar éis é a chur chun sochair inár gcuntas. Mura mbeimid faoi dhliteanas mar atá sonraithe thuas, beidh Soláthraí Íocaíochta an íocóra faoi dhliteanas i leith an íocóra as an idirbheart. Is cuma an bhfuilimid faoi dhliteanas mar seo nó nach bhfuil ina leith seo, déanfaimid iarracht an t-idirbheart a aimsiú agus an toradh ar ár n-iarrachtaí a chur in iúl duit.

Má fhaightear Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA i gcuntas baill, cinnteoidh an Comhar Creidmheasa go mbíonn an t-airgead ar fáil láithreach lena úsáid, ag teacht le **Rialachán AE 2021/1230**. Má bhíonn aon mhoill i gceist ann de bharr bhriseadh córais nó seiceálacha slándála, cuirfidh an Comhar Creidmheasa an ball lena mbaineann ar an eolas láithreach faoi sin.

15. Bearta Slándála agus Cosc Calaoise
De bharr nach féidir Aistrithe Creidmheasa Meandracha SEPA a tharraingt siar, tá bearta níos fearr i bhfeidhm ag Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta chun monatóireacht a dhéanamh i leith calaoise agus a leithéid a aimsiú. Moltar do bhaill sonraí an fhaighteora a fhíorú sula dtosaíonn siad ar Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA, toisc nach féidir idirbhearta neamhúdaraithe a aisghabháil.

Nuair a bhíonn Aistriú Creidmheasa SEPA nó Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA á dhéanamh agat, d'fhéadfaí a iarraidh ort an t-aitheantóir uathúil agus sonraí an fhaighteora a cuireadh ar fáil a fhíorú. Tugtar Fíorú an Íocaí air seo, agus tá sé tábhachtach go seiceálann tú an freagra a thugann Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta (PSP) an fhaighteora. Má iarrann tú orainn leanúint ar aghaidh le híocaíocht tar éis freagra a fuair tú maidir le Fíorú an Íocaí, beidh muid ag brath ar na sonraí a chuir tú ar fáil agus ní bheidh muid faoi aon dliteanas má bhí na sonraí a cuireadh ar fáil mícheart.

Mura bhfuil an tseirbhís um Fhíorú an Íocaí ar fáil nuair ba chóir go mbeadh nó má thugann sí le fios go raibh meaitseáil cheart ó thaobh sonraí i gceist nuair nach raibh, agus má bhíonn aistriú mícheart maidir leis an idirbheart, aisíocfaimid an méid airgid a bhí i gceist agus cuirfimid do chuntas ar ais sa staid ina mbeadh sé mura gcuirfí an t-idirbheart i gcrích.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hAistrithe Creidmheasa Meandracha SEPA agus comhlíonadh na **Rialacha Scéime PSD2 agus SEPA**, is féidir le baill teagmháil a dhéanamh lenár bhfoireann tacaíochta nó breathnú ar shuíomh Gréasáin an Chomhair Chreidmheasa.

16. **Tréimhse, athruithe, agus deireadh a chur le do chonradh**
Is conradh tréimhse éiginnte atá agat linn, mar atá sonraithe san Fhaisnéis um Chreatchonradh seo.

Má theastaíonn uainn aon chuid den Fhaisnéis faoi Rialachán 76 seo a athrú (seachas ár n-uimhir theileafóin), de ghnáth, tabharfaimid fógra i scríbhinn duit dhá mhí roimh ré faoin athrú atá beartaithe in aon chás nach mór dúinn sin a dhéanamh de réir dlí. Mura gcuireann tú in iúl dúinn laistigh den tréimhse dhá mhí sin nach bhfuil tú ag glacadh leis an athrú atá beartaithe, measfar go bhfuil tú ag glacadh leis. Mura mian leat glacadh leis an athrú atá beartaithe, ní mór duit é sin a chur in iúl dúinn i scríbhinn roimh dheireadh na tréimhse dhá mhí sin agus beidh an ceart agat deireadh a chur le do chonradh linn maidir leis an gcuntas lena mbaineann an Fhaisnéis um Chreatchonradh seo gan aon táille a íoc. Má athraímid ráta úis nó ráta malairte ar bhealach a bheadh níos fabhraí duit, tá sé de cheart againn an t-athrú sin a chur i bhfeidhm láithreach agus scríobh chugat go gairid ina dhiaidh sin ag deimhniú an athraithe sin.

Tá cúinsí áirithe ann inar féidir linn fógra ama níos giorra ná dhá mhí a thabhairt duit nó nach mbeadh orainn athruithe a chur in iúl duit ar chor ar bith nó a inseacht duit tar éis athruithe a dhéanamh. D'fhéadfadh sé seo tarlú i gcásanna mar seo a leanas:

(a) dá mbeadh an t-athrú ag dul chun tairbhe duit (m.sh. nuair a laghdaímid táillí agus muirir ar do Chuntas nó nuair a athraímid ráta úis nó malairte a bheadh níos fearr duit);

(b) dá gcaithfí an t-athrú a dhéanamh mar go raibh sé riachtanach faoi dhlí nó rialachán ar leith go ndéanfaí an t-athrú roimh faoi dháta ar leith, agus nach mbeadh dóthain ama ann chun an gnáthfhógra a thabhairt duit;

(c) dá mba táirge nó seirbhís nua a bhíothas ag tabhairt isteach le húsáid i ndáil le do Chuntas;

(d) dá mba rud é nach mbeadh aon tionchar ag an athrú ar oibriú do Chuntais (mar shampla, dá ndéanfadh muid athrú ar théarma a úsáidimid chun cur síos a dhéanamh ar rud éigin sa Chomhaontú seo); nó

(e) dá mbainfeadh an t-athrú le sochair áirithe a bhainfeadh le do Chuntas agus atá faoi réir critéir cháilitheachta agus a dtéarmaí agus a gcoinníollacha féin.
Is féidir linn ráta malairte a athrú láithreach agus gan fógra chomh maith má tá an t-athrú sin bunaithe ar an ráta tagartha malairte a comhaontaíodh sa Chreatchonradh seo.

Féadfaidh tú deireadh a chur le do chonradh linn i ndáil leis an gcuntas lena mbaineann an Creatchonradh seo trí fhógra míosa amháin i scríbhinn a thabhairt dúinn. Féadfaimid deireadh a chur lenár gconradh leatsa i ndáil leis an gcuntas lena mbaineann an Creatchonradh seo trí fhógra dhá mhí a thabhairt duit i scríbhinn.

17. An dlí rialaithe agus teanga
Forléireofar agus rialófar an Creatchonradh seo de réir dhlíthe na hÉireann, agus déanfar gach cumarsáid idir muidne agus tusa le linn ár gcaidreamh conartha i mBéarla.

18. Gearáin/Sásamh
Má bhíonn aon ghearán agat maidir leis na nithe a rialaítear faoin gCreatchonradh seo, is féidir leat scríobh chugainn agus déileálfaimid le do ghearán de réir ár gcuid dualgas faoi na Rialacháin. Mura mbíonn tú sásta le toradh an phróisis inmheánaigh, féadfaidh tú do ghearán a chur ar aghaidh chuig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean. Seo a leanas na sonraí teagmhála: Biúró an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 3ú Urlár, Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2 D02 VH29. Teil. (01) 567 7000 Ríomhphost: info@fspo.ie

19. Toiliú
Má leanann tú le hidirbhearta agus/nó má chuireann tú idirbhreata i gcrích ar an gcuntas seo, tá tú ag tabhairt do thoiliú sainráite dúinn rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta agus iad a phróiseáil agus a choinneáil mar is gá chun na seirbhísí íocaíochta seo a a chur ar fáil.